2023/2542

30.11.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 145/2023

an 13 Meitheamh 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2542]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/545 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na nósanna imeachta sonracha tástála agus na ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena dtaifeadán sonraí teagmhais agus i ndáil le cineálcheadú na gcóras sin mar aonaid theicniúla ar leithligh agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Caibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 51c (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/133 ón gCoimisiún):

   '51d. **32022 R 0545**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/545 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na nósanna imeachta sonracha tástála agus na ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena dtaifeadán sonraí teagmhais agus i ndáil le cineálcheadú na gcóras sin mar aonaid theicniúla ar leithligh agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin (IO L 107, 6.4.2022, lch. 18).'

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 52 (Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '- **32022 R 0545**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/545 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2022 (IO L 107, 6.4.2022, lch. 18).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/545 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 14 Meitheamh 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *****, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 49/2022 ó Chomhchoiste LEE an 18 Márta 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 107, 6.4.2022, lch. 18.

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

([2]) IO L 182, 7.7.2022, lch. 19.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN